

Obair ullmhúcháin:

‘ar aghaidh linn’ – ABC an tsoláthair Treorach ar líne

Seicliosta féinmhachnaimh do Threoirchomhairleoirí le cur san áireamh agus le seiceáil an bhfuil siad réidh chun tús a chur le Treoir a sholáthar ar líne agus aird a tharraingt ar aon réimsí a bhféadfadh breis pleanála nó cleachtaidh a bheith ag teastáil ina leith.

Modh Oibre: Cúlra

- Aimsigh suíomh oiriúnach (neodraithe) e.g. balla bán
- Roghnaigh an gléas a bheidh in úsáid agat e.g. Ríomhaire Glúine / Ríomhaire Deisce
- An bhfuil an ceamara atá ann inmheánach (ionsuite) nó seachtrach (gléas breise atá plugáilte isteach)
- Cinntigh go bhfuil an ceamara ag ‘leibhéal na súl’ sula gcuireann tú tús le do chuid oibre ar líne
- Seiceáil caighdeán an cheamara gréasáin (Clliceáil Tosaigh, Cineál “Ceamara”, Clliceáil ar an Aip Cheamara, socruithe, scrollaigh síos go dtí físeán, clliceáil ar chaighdeán an fhíseáin lena fháil amach an bhfuil 720p nó níos fearr ar fáil)
- Seiceáil caighdeán na fuaimne trí tú féin a thaifeadadh ag caint ar feadh thart ar chúig nóiméad
- Má tá fadhb leis an bhfuaim, b’fhéidir go gcabhróidh micreafón leat (bíonn cluasáin le go leor fón cliste ar féidir leat iad a úsáid sa chomhthéacs seo)
- Caith tamall ag cleachtadh i dteannta le comhghleacaí nó cara lena chinntiú go bhfuil gach rud ag obair i gceart
- Sceidealaigh rang tosaigh le mic léinn lena chinntiú go bhfuil gach rud a theastaíonn uathu acu (nó pléigh an méid seo i rith an chéad ranga)
- Cruthaigh liosta “béasaíocht Idirlín” - a chabhróidh leat do rialacha ranga a bhunú

Modh Oibre: Ranganna a Phleanáil

- Tagair do do liosta ‘béasaíocht Idirlín’ ar an gcéad sleamhnán de do láithreoireacht i.e. mínigh conas a oibreoidh do rang chomh fada is a bhaineann le ceisteanna a chur / ar cheart go mbeadh gach mac léinn ‘balbh’ agus ar cheart ceisteanna a chlósscríobh?
- Ná déan dearmad go mb’fhéidir go dtógfaidh sé níos mó ama roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh ar líne e.g. b’fhéidir go mbeidh am ag teastáil uait chun teachtaireachtaí comhrá ar líne a léamh
- Socraigh meabhrúchán chun an rogha bosca comhrá / lámha suas a sheiceáil go rialta ionas gur féidir leat mic léinn a fhreagairt
- Cleacht conas do ‘scáileán a roinnt’ le do mhic léinn

Modh Oibre: Roinnt ‘ardroghanna’ a úsáid

- Pleanáil agus cleacht ‘cur chuige malairt foghlama’ agus tabhair deis do mhic léinn dul isteach i ‘seomraí ar leithligh’ agus a bheith ag obair i ngrúpaí
- Bain triail as ceisteanna ‘freagra dúnta’ e.g. freagraíonn mic léinn suirbhé. Is féidir leat torthaí cainníochtúla a fháil agus a roinnt go tapa
- Úsáid ceisteanna ‘oscailte’ agus iarr ar mhic léinn a gcuid freagraí a chlósscríobh i gcomhrá/tabhair rochtain roinnte ar chlár bán dóibh